Coiste BAI um Chomhlíonadh

Patrick Gageby SC (Cathaoirleach)

Rugadh é sa bhliain 1953 agus fuair sé a chuid oideachais i mBaile Átha Cliath. Bhain sé céim amach in Eolaíocht an Dlí ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, sa bhliain 1975 agus glaodh chun an bharra é sa bhliain 1976. Tá sé ina Chathaoirleach ar na hIonaid Chomhairle um Chúnamh Dlí Saor in Aisce. Ba é dlí an teaghlaigh a chleacht sé ar dtús. Ina dhiaidh sin, dhírigh sé ar ábhair choiriúla, ar eiseachadadh agus ar athbhreithniú breithiúnach. Glaodh chun an Bharra Laistigh é sa bhliain 1995.

Paula Mullooly Uas.

Agus í ag obair le A&L Goodbody faoi láthair, rinne Paula staidéar ar an dlí ar Choláiste na Tríonóide agus cháiligh sí mar aturnae sa bhliain 1993. Tá taithí fhairsing aici ar dhlí na meán agus chuir sí comhairle ar fáil i leith cuid mhór clár teilifíse, Celebrity Bainisteoir agus Irish Nationwide ina measc. Bhí sí ar an gCoiste Comhairleach ar an mBille um Chlúmhilleadh sa bhliain 2003.

An tUas. Nigel Heneghan

Ón mbliain 1998 i leith, tá an tUas. Heneghan ina stiúrthóir bainistíochta ar Heneghan PR, cuideachta neamhspleách caidrimh phoiblí faoi úinéireacht Éireannach. Fónann sé ar Bhord Chumann na Sainchomhairleoirí Caidrimh Phoiblí in Éirinn agus bhí sé ina Chathaoirleach ar an gCumann ar feadh dhá bhliain. D'fhóin sé freisin ar Bhord Eagraíocht Idirnáisiúnta na Sainchomhairleoireachtaí Cumarsáide, eagraíocht dhomhanda a dhéanann ionadaíocht do shainchomhairleoirí caidrimh phoiblí. Roimhe sin, bhí sé ina uachtarán ar Institiúid na hÉireann um Chaidreamh Poiblí sna blianta 1999 agus 2000.